# Boinn a Fhiosrú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - airgead<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - réitigh ar fhadhbanna a aithint<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a chlárú go nithiúil, agus léaráidí pictiúir agus uimhreacha a úsáid chuige sin |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | boinn airgid, cruth, méid, dath, cré-umha, sparán, muc thaisce |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, boinn airgid |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tá an ceacht seo bunaithe ar chéimeanna na sraithe PPDAC
https://nzmaths.co.nz/category/glossary/statistical-enquiry-cycle

1. **Gníomhaíocht 1**

   Agus fíor-airgead in úsáid agat, fiosraigh cruth, méid agus dath na mbonn i ngrúpaí.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Agus an Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid agat, taispeáin na boinn do na daltaí agus iarr orthu an bonn céanna a thaispeáint duit. Déanann na daltaí cuimilteáin bhonn, 1 c, 2 c, 5 c, 10 c, 20 c.

3. **Gníomhaíocht 3**

   Sórtálann na daltaí na boinn de réir critéar éagsúil (dath agus luach).

4. **Gníomhaíocht 4**

   Cuireann na daltaí na boinn in ord agus taispeánann siad an t-ord ar an Uirlis Airgid Mol Mata.

5. **Gníomhaíocht 5**

   Fiosraigh an coincheap de choibhéis agus iarr ar na daltaí bealaí difriúla de 2 c, 3 c, 4 c, 5 c, 10 c srl. a dhéanamh. Taispeánann na daltaí a gcuid réiteach ar an Uirlis Airgid Mol Mata.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén dath atá ar an mbonn 5 c, 10 c srl.?<br>• Cén luach atá ar an mbonn is mó?<br>• Cad é luach iomlán na mbonn atá agat? | • Cé mhéad caoi dhifriúil ar féidir leat 5 c, 7 c a dhéanamh?<br>• Tá 8 c sa mhuc thaisce. Cad iad na boinn fhéideartha? An bhfuair tú na teaglamaí féideartha ar fad? Conas atá a fhios agat?<br>• Tá trí bhonn i muc thaisce. Cé mhéad atá sa mhuc thaisce? An bhfuil níos mó ná freagra amháin ann? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.